



An Bhruiséil, 5 Iúil 2024
(OR. en)

11959/24

LIMITE

FISC 154
ECOFIN 839
ONU 90

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Seasamh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don dara seisiún substainteach den Choiste Ad Hoc chun téarmaí tagartha a dhréachtú do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta (Nua-Eabhrac, an 29 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024)

**Seasamh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don dara seisiún substainteach den
Choiste *Ad Hoc* chun téarmaí tagartha a dhréachtú do Chreat-Choinbhinsiún
na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta
(Nua-Eabhrac, an 29 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024)**

Déanann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tagairt do chomhsheasamh an 25 Aibreán 2024 a cuireadh i láthair mar ráiteas ginearálta le linn an chéad seisiúin shubstaintigh i Nua-Eabhrac.

Leagtar amach sa seasamh sin ár dtreoirphrionsabail le haghaidh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta, agus is mian linn go léireofaí iad i dTéarmaí Tagartha an Chreat-Choinbhinsiúin sin.

Aithnímid iarrachtaí an Bhiúró agus a Chathaoirligh chun na dréacht-téarmaí tagartha a ullmhú don dara seisiún den Choiste *Ad Hoc*. Aithnímid go háirithe an obair shuntasach a bhaineann leis na dréacht-téarmaí tagartha a ullmhú, ar féidir leo a bheith mar bhonn dár gcaibidlíocht.

Ba mhian linn próiseas éifeachtúil éifeachtach a chur chun cinn ar leibhéal na Náisiún Aontaithe i réimse an chomhair cánach idirnáisiúnta a chuideoidh linn cobhsaíocht agus cinnteacht a chur chun cinn laistigh den ollstruchtúr cánach idirnáisiúnta agus is ar an mian sin atá ár gcur chuige bunaithe. Sa chomhthéacs sin, tá na téarmaí tagartha do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar cánach idirnáisiúnta ríthábhachtach chun an obair a dhéanfar amach anseo a shoiléiriú agus a chinneadh, lena n-áirítear gealltanais ardleibhéil agus rialacha nós imeachta. Ina theannta sin, tá súil againn go ndéanfaidh an Coiste *Ad Hoc* a dhícheall athmhuintearas a chothú, teacht ar chomhaontú agus comhthuiscint a chothú. Go ginearálta, ní mór soiléireacht níos fearr a bheith sna téarmaí tagartha maidir leis na nósanna imeachta as a leanfaidh an coiste caibidlíochta idir-rialtasach cosúil leis an méid a rinneadh i bpróisis eile de chuid na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, creidimid go gcuirfí feabhas ar an gcomhthuiscint ar an bpróiseas dá mbeadh soiléireacht ann maidir le nádúr an Chreat-Choinbhinsiúin mar chonradh idirnáisiúnta.

Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá an chinnteoireacht chomhthoilbhunaithe. A mhéid a áirítear oibleagáidí dlíthiúla nó gealltanais pholaitiúla shonracha ar na téarmaí tagartha, ba cheart an próiseas cinnteoireachta a léiriú go soiléir. Agus é mar chuspóir toradh a nglactar leis go huilíoch a bhaint amach, éifeachtacht a chur chun cinn agus cobhsaíocht an ollstruchtúir cánach idirnáisiúnta a chosaint, tacaímid go láidir le próiseas cinnteoireachta comhthoilbhunaithe i ndáil le téacs an Chreat-Choinbhinsiúin agus na bprótacal a ghabhann leis a chaibidil agus a ghlacadh. Creidimid go mbeidh sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an plé agus an obair ghaolmhar ar na saincheisteanna chomh comhlántach agus chomh comhordaithe agus is féidir leis an obair leanúnach ag fóraim idirnáisiúnta eile. Ba cheart dúinn neamhréireachtaí a sheachaint nó ba cheart dúinn a sheachaint an bonn a bhaint den obair sin nó saincheisteanna agus/nó mímhaitseálacha nua a chruthú de thaisme. Leis an dá ghealltanas sa Chreat-Choinbhinsiún, lena n-áirítear aon ghealltanais maidir le prótacail luatha a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart ábhair a sheachaint atá ag teacht salach ar na hábhair atá á gcaibidil cheana féin i bhfóraim idirnáisiúnta eile nó ar na hábhair sin a bhfuil caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta cheana féin ann ina leith. Le linn a chuid oibre, ba cheart don choiste caibidlíochta idir-rialtasach breithniú a dhéanamh ar shineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann agus na huirlisí, na láidreachtaí, an saineolas agus na comhlántachtaí atá ag an iliomad institiúidí agus próisis a bhfuil baint acu le comhar cánach ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil a ghíaráil.

Is ábhar inní dúinn an tagairt sna téarmaí tagartha d'fhorbairt chomhuaineach prótacal luath. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear dúinn an fhoclaíocht a úsáidtear sa tuarascáil ón Ardrúnaí maidir le comhar cánach idirnáisiúnta atá cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe, inar luadh an méid seo a leanas: 'Má tá comhaontú leordhóthanach ann maidir le míreanna gníomhaíochta áirithe, d'fhéadfaí cuid de na prótacail sin a chaibidil ag an am céanna agus a dhéantar an creat-choinbhinsiún a chaibidil.' Ní raibh sa mhéid sin ach moladh le haghaidh gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh agus ba cheart sin a léiriú sna dréacht-téarmaí tagartha.

I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaímid nár cheart aon phrótacal luath a phlé go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún i gcrích. Nuair a bheidh siad tugtha i gcrích, ní fhéadfaí ach líon teoranta prótacal luath a fhorbairt, laistigh de thréimhse ama réasúnta. Ba cheart an tréimhse ama a bheidh ag teastáil chun na prótacail sin a chaibidil a bheith ag brath ar líon na bprótacal agus ar na hábhair a chumhdaítear leo. Ní féidir sprioc-am amháin a bheith ann chun na prótacail uile a thabhairt i gcrích. Ba cheart do na prótacail sin díriú ar réimsí ina bhfuil an comhthoil is leithne, agus ábhair chonspóideacha á seachaint. Is iomchuí, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar dtús ar a oiriúnaí atá ábhair áirithe chun a chinneadh cad iad na hábhair ar cheart tuilleadh anailís a dhéanamh orthu.

Dá bhrí sin, creidimid gur cheart gurb é an coiste caibidlíochta idir-rialtasach a dhéanadh an príomhchinneadh maidir le prótacail a fhorbairt, chomh maith leis an gcinneadh maidir lena substaint, lena n-uimhir agus lena n-uainiú.

Ba cheart a mheabhrú go gcuirfí éilimh iomarcacha ar acmhainní na mBallstát dá bhforbrófaí prótacail agus an Creat-Choinbhinsiún á chaibidil.

Ba cheart na gealltanais sna téarmaí tagartha a bheith ar ardleibhéal, léiritheach agus comhlántach leis na gealltanais atá ann cheana. Dá bhrí sin, mholfaimis slógadh acmhainní intíre, fothú acmhainneachta agus cothú comhlíonta cánach a chur san áireamh.

Ós rud é nach bhfuil comhthuiscint ann maidir le coincheapa áirithe dá dtagraítear sna dréacht-téarmaí tagartha i measc Bhallstáit na Náisiún Aontaithe go dtí seo, is gá na coincheapa sin a leagan amach go soiléir sna téarmaí tagartha.

Ba cheart a léiriú leis na téarmaí tagartha nach ndéantar réamhbhreith leo ar thorthaí an choiste caibidlíochta agus ba cheart a shoiléiriú leo gur cheart obair an choiste caibidlíochta a bheith bunaithe ar anailís theicniúil shubstainteach sula gcuirfear tús leis an obair ar aon bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhealach spriocdhírthe agus éifeachtúil. Ina theannta sin, ba cheart féachaint ar ionstraimí eile seachas prótacail (e.g. dea-chleachtais nó dlí bog).